Gaelscoil Uí Ríordáin
Uimhir Rolla: 19839R

Gaelscoil Uí Ríordáin
Carraig an Earra, Baile an Chollaigh,
Corcaigh, P31 V242.

Guthán: 021-4872752
Ríomhphost: runai@gaelscoiluiriordain.ie
www.gaelscoiluiriordain.ie

Polasaí Leabharlainne
Library Policy

Cuireann an leabharlann foinse ábhar léitheoireachta ar fáil a thugann tacaíocht do churaclam na scoile. *The library will provide a source of reading materials to support the school curriculum.*

Tá súil againn go mbainfidh na páistí taitneamh agus tairbhe as an leabharlann. *It is hoped that the children will enjoy and benefit from the library.*

Déanfar gach iarracht cur le hábhar na leabharlainne ó am go chéile. *Every effort will be made to add to the library stock.*

Glacfar le moltaí agus tuairimí i dtaobh ábhar na leabharlainne go fábharach. *Recommendations/suggestions with regard to library stock will be considered.*

Roghnú Leabhar (*Stock Selection)*

Roghnaíodh formhór na leabhair i Leabharlann an Chontae le treoir ón leabharlannaí. Roghnaíodh leabhar ó m.sh; Book Choice, (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta) agus ó fhoinsí éagsúla a mholtar san leabhar "Library File – Making a Success of the School Library" (Library Association of Ireland).
The majority of books in the library were chosen from the Cork County School Library, with the assistance of the children's librarian. Other books were chosen from book lists such as "Book Choice" (Dept. of Education and Science) and from other sources that were recommended in "Library File – Making a Success of the School Library" (Library Association of Ireland).

Fundúireacht (*Funding)*

Ceannaíodh na leabhair le cabhair deontaisí ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Coiste na dTuistí, Bord Bainistíochta na Scoile, Leabharlann Chontae Chorcaí agus Aonach Leabhar.
Books were purchased with grant-aids from the Department of Education and Science, Parent's Committee, Board of Management, Cork County Library and with proceeds of Book Fair.

Ficsean agus Neamh-Fhicsean (*Fiction & Non-Fiction)*

Tá idir ficsean agus neamh-fhicsean sa leabharlann. Déanfar gach iarracht; údair claisiceach, údair comhaimseartha, údair Eireannach, údair nua, a bheith sa bhailiúchán ficsin.

The library stock includes both fiction and non-fiction books. In the fiction collection, every effort will be made to include works by; classic authors, contemporary authors, Irish authors and new authors.

Turasanna ar an Leabharlann & Aire na Leabhar

(Library Visits & Care of the Books)

- Tabharfaidh gach rang turas ar an leabharlann go rialta. *Every class will visit the library at regular intervals*
- Beidh lá/am faoi leith ag gach rang. *Each class will attend on/at a designated day/time*
- Tarlóidh sé ó am go chéile (m.sh; de bharr na scoile a bheith dúnta, imeachtaí scoile) nach bhfreastolóidh rang ar an leabharlann. *It may happen occasionally (e.g; a school closing, school events,) that a class may not visit the library.*
- Má bhíonn páiste as láthair, coiméadfaidh sé/sí an leabhar go dtí an chéad turas ranga eile. *If a child is absent, he/she will keep the book until the next class visit.*
- Moltar an leabhar a léamh/phlé le do pháiste sa bhaile. *Reading and discussing the book with your child at home is recommended.*
- Níor cheart na leabhair a léamh agus bia/deoch a láimhseáil ag an am céanna. *Books should not be read while eating/drinking.*
- Gearrfar costas €5 ar aon leabhar a chailltear nó a dhéantar damáiste do (m.sh; stracadh, doirteadh dí, salú, scriobláil,) *Any book lost/damaged (e.g; torn, drink spilt on it, dirtied, scribbled on,) will incur a fine of €5.*
- Ní cheadófar leabhar eile ón leabharlann do pháiste go dtí go n-íocfar an t-airgead. *A child will not be allowed to borrow another book until the fine is paid.*
- Ní cheadófar ach leabhar amháin a bheith ar iasacht ag aon pháiste. *Each child will be allowed to borrow only one book at a time.*
- Tá gach páiste freagrach as a leabhar féin. *Each child is responsible for his/her own book.*
- Moltar ciúnas a choiméad san leabharlann. *Silence in the library is recommended.*

Dáta: Deireadh Fómhair 2019